

Splanc 2021-2022

Script 1

CUID A

Fógra a hAon (Mumhain)

An príomhoide anseo. Fáilte romhaibh ar ais ar scoil, a chairde. Cuirfear tús le staidéar eagraithe tar éis scoile an tseachtain seo chugainn. Beidh na seisiúin ar siúl, Luan go hAoine, óna cúig a chlog go dtí leathuair tar éis a sé agus óna ceathrú chun a seacht go dtí leathuair tar éis a hocht. Múinteoirí na scoile seo a bheidh i mbun maoirseachta agus tabharfar tús áite do rang na hArdteistiméireachta. Níl ceadaithe ach daichead spás ar fad de bharr srianta Covid a Naoi Déag. Céad euro an costas don chéad seimeastar agus is féidir clárú in oifig an rúnaí ag an sos gairid nó ag am lóin amárach.

Fógra a Dó (Ulaidh)

‘Nuacht na hIdirbhliana Fiche, Fiche is a hAon.’ Is mise Saoirse Ní Dhochartaigh, maor ranga na hidirbhliana. Fáilte romhaibh chuig an gclár. Beidh raidhse imeachtaí á n-eagrú againn le linn na bliana – ina measc imeachtaí spóirt, comórtais filíochta agus ealaíne, taispeántais tallainne, turais lae agus a lán eile. Mar eolas daoibh, le linn dóibh a bheith ag caint ar Raidió na Gaeltachta tráthnóna inné, labhair Déaglán agus Neasa, beirt de scoláirí na hidirbhliana, faoi na dúshlán atá le sárú ag daoine óga sa cheantar seo. Mhol an láithreoir go hard na spéire iad as na tuairimí a bhí acu. Coimeádfar ar an eolas sibh go rialta faoi na himeachtaí a bheidh á reáchtáil againn.

CUID B

Comhrá a hAon (Connachta)

An Chéad Mhír

- Agallóir** Fáilte romhaibh go clár na hoíche anocht, a éisteoirí. I mo chuideachta tá Ciarán Ó Cuanaigh, iriseoir agus craoltóir, a chónaíonn anseo i nGaillimh.
- Ciarán** Is mór an onóir dom deis chainte a bheith agam leat, a Áine.
- Agallóir** Bhí tusa bainteach le TG4 ó thús, a Chiarán, nach raibh?
- Ciarán** Bhí, go siúráilte. Nuair a chuaigh TG4 ar an aer den chéad uair, tugadh post dom sa stiúideo i mBaile na hAbhann. Teilifís na Gaeilge an t-ainm a bhí ar an stáisiún ag an am.
- Agallóir** Bhí go leor daoine ag cur i gcoinne stáisiún teilifíse Gaeilge ag an tús, más buan mo chuimhne?
- Ciarán** Bhí – go háirithe colúnaithe a bhí ag obair le roinnt de na nuachtáin náisiúnta.

An Dara Mír

- Agallóir** Céard a bhíodh á rá acu?
- Ciarán** Bhíodh siad ag maíomh gur cur amú airgid a bheadh ann – agus nach mbeadh mórán de lucht féachana ag a leithéid de stáisiún.
- Agallóir** An raibh mórán deacrachtaí eile le sárú?
- Ciarán** Bhuel, bhí buiséad an-bheag ar fáil ag an tús – agus go leor deacrachtaí teicniúla freisin.
- Agallóir** Agus an bhfuil feabhas ar bith tagtha ar an scéal ó shin?
- Ciarán** Tá, go deimhin. Tá éirithe le TG4 seirbhís den scoth a chur ar fáil – agus misneach tugtha aici do phobal Gaeilge na tíre.

Comhrá a Dó (Mumhain)

An Chéad Mhír

- Agallóir** Inis dom fút féin, a Lísín.

Lísín Lísín de Paor an t-ainm agus an sloinne atá orm, a Sheáin. Rugadh agus tógadh mé i nGaeltacht na Rinne, Contae Phort Láirge. Tá aithne orm mar cheoltóir traidisiúnta agus is breá liom páirt a ghlacadh sna fleánna éagsúla ar fud na tíre.

Agallóir Agus cad iad na huirlisí a sheinneann tú, a Lísín?

Lísín An fhidil agus an fheadóg stáin den chuid is mó, ach bíonn bosca ceoil agam anois is arís leis – cé gur beag suim atá agam ann.

An Dara Mír

Agallóir Cé hé an ceoltóir is mó a thaitníonn leat?

Lísín Mo sheanmháthair, gan dabht, Ba ise a mhúin mo chéad nótaí dom – agus d’fhoghlaim mé an-chuid píosaí deasa uaithi thar na blianta. Is duine an-spreagúil go deo í.

Agallóir An ndeachaigh mórán ceoltóirí eile i bhfeidhm ort?

Lísín Chuaigh, ambaist’. Casadh an-chuid fídléirí maithe orm ó bhí mé óg. Is cinnte go bhfuil stíl agus stór ceoil ar leith ag baint le mo cheantar dúchais. Tá an cultúr gaelach beo beathach ann fós, buíochas le Dia.

Agallóir An fíor gur amhránaí thú chomh maith?

Lísín Ní fíor, in aon chor, Níl sa mhéid sin ach ráfla, a Sheáin.

CUID C

Píosa a hAon (Ulaidh)

Tuairiscítear go gcuirfear srian leis an líon pasanna oibre bliana atá á gcur ar fáil ag Rialtas na hAstráile go luath. Bíonn na pasanna seo de dhíth ar na mílte Éireannach óg, go háirithe anseo i gContae Dhún na nGall – mar gheall ar an lagtrá eacnamaíochta atá ag ciapadh daoine óga. Ba mhaith le polaiteoirí áirithe san Astráil líon na bpasanna seo a laghdú go mór. Mura gairmí cúraim sláinte thú – nó mura bhfuil tú sásta glacadh le post i gceantar iargúlta – beidh sé doiligh duit pas a fháil.

Píosa a Dó (Connachta)

D’ardaigh an Teachta Dála, Éamon Ó Cuív, bratach ghlas speisialta ar Ghaelscoil na nOileán agus é ar cuairt sa scoil. Bhí gliondar ar gach duine, idir óg agus aosta, mar d’oibrigh na daltaí agus na múinteoirí go dian chun an gradam seo a bhaint amach. I dtosach báire, rinne siad an-chuid oibre ag athchúrsáil páipéir agus ag bailiú bruscair. Anois tugann gach duine de na páistí lón sláintiúil ar scoil leo gach lá – agus bíonn buicéad speisialta acu chun craicne torthaí agus glasraí a chur isteach ann. Usáidtear iad seo chun múirín a dhéanamh – le cur ar phlandaí i ngairdín na scoile.

Drochlá san ionad oibre

(i)

Bhí an saol ar a thoil ag Daire agus go leor cairde maithe aige, mar aon le cailín deas, Fiadh, a bhí mar ghrá geal aige. Bhain tábhacht mhór leis an gcaidreamh seo ina shaol agus ní dhearna sé talamh slán de riamh. D’imríodh sé iománaíocht go rialta lena chairde agus chaitheadh sé am le Fiadh chomh minic is a d’fhéadfadh sé. Théadh sé ag siopadóireacht léi fiú!

Ar a mhullach sin ar fad, bhí post páirtaimseartha aige sa siopa áitiúil. D’oibríodh sé i siopa spóirt an bhaile ag an deireadh seachtaine. Thaitin sé le Daire a bheith gnóthach agus thuill sé go leor airgid le Fiadh a thabhairt chuig an bpictiúrlann nó le bronntanas beag a cheannach di ó am go céile.

Satharn amháin amháin, tháinig Tiarnán, duine dá bhuanchairde isteach ar cuairt chuige sa siopa. Ní raibh mórán custaiméirí istigh agus bhí am ag Daire comhrá a dhéanamh leis. Chaith siad tamall ag caint faoi chluiche iománaíochta a bhí le bheith acu an tseachtain ina dhiaidh sin.

‘Beidh sé deacair an Charraig Liath a bhualadh,’ arsa Tiarnán.

‘Beidh. Tá líne thosaigh láidir acu. Tá mo dhuine, Cormac Ó Baoill, ag imirt leis an gcontae.’

Lean an comhrá ar aghaidh mar sin go dtí gur iarr custaiméir cabhair ar Dhaire. Chuaigh sé chun cainte léi agus dúirt Tiarnán go raibh air imeacht agus go bhfeicfeadh sé ar ball é.

Ag deireadh an lae, bhí bainisteoir an tsiopa ag déanamh na gcuntas a fhad is a bhí Daire ag glanadh suas. Tar éis tamaill, ghlaigh sé ar Dhaire.

‘A Dhaire, tá rud éigin ait anseo.’

‘Céard é féin?’

‘Táimid céad euro gann.’

‘Céad euro?’

‘Tá mé tar éis é a sheiceáil trí huairé agus níl aon dabht faoi. Tá céad euro ar iarraidh. An bhfuil a fhios agatsa aon rud faoi?’

D’imigh an dath d’aghaidh Dhaire.

(ii)

‘Níor thóg mise aon airgead,’ ar seisean.

‘Níl mé ag rá gur thóg,’ arsa an bainisteoir. ‘Ach, mar sin féin, tá sé imithe.’

Bhí inní mhór ar Dhaire. Níor thóg sé aon airgead ón scipéad, ach an gcreidfeadh an bainisteoir é sin? Cad déarfadh Fiadh dá gcuirfí gadaíocht ina leith?

‘Seiceálfaidh mé na ceamaraí slándála,’ arsa an bainisteoir.

Thug sé sin faoiseamh beag do Dhaire. Chruthódh na ceamaraí nach raibh baint ná páirt aige leis an ngadaíocht.

Chuaigh an bheirt acu go dtí an oifig agus thosaigh siad ag breathnú ar thaifead an lae. Ní raibh aon rud as cosán go dtí gur tháinig siad chuig an bpíosa a thaispeáin Tiarnán ag teacht isteach sa siopa.

Bhreachnaigh Daire air féin agus ar Thiarnán ag comhrá le chéile ar feadh cúpla nóiméad. Ansin chonaic sé an custaiméir a tháinig chuige ag lorg cabhrach. Chonaic sé é féin ag siúl chuig ceann de na seastáin léi agus Tiarnán ag imeacht.

Ansin, thit croí Dhaire. Agus Tiarnán ag fágáil an tsiopa, chuir sé a lámh taobh thiar den chuntar agus thóg rud éigin sular imigh sé amach an doras.

‘Sin an gadaí,’ a dúirt an bainisteoir. ‘Tá sé againn. An bhfuil aithne agat air?’

Ní raibh a fhios ag Daire cad ba cheart dó a rá. An bhféadfadh sé sceitheadh ar a chara?

‘Níl... aithne agam air...’ a dúirt sé. ‘Custaiméir ba ea é. Chuir sé ceist orm faoi chlogad iománaíochta, ach dúirt mé leis nach raibh aon cheann fágtha againn.’

D’fhéach bainisteoir an tsiopa air go neamhchinnte. Níor chreid sé go raibh an fhírinne iomlán á insint ag Daire.

‘B’in am an-fhada le bheith ag caint le duine, nach raibh clogad agat dó.’

‘Bhuel, d’ofráil mé ceann a ordú isteach dó, ach bhí ceann de dhíth air go práinneach agus d’fhiafraigh sé díom an mbeadh ceann ar fáil in aon siopa eile. Thug mé an t-eolas dó agus, ansin, labhraíomar ar feadh nóiméad nó dhó faoin tsraith iománaíochta... Sin a bhfuil. Níl aithne agam air.’

Níor thaitin le Daire a bheith ag insint bréag do bhainisteoir an tsiopa, ach bhí cairdeas idir é féin agus Tiarnán ó bhí siad óg agus dílseacht aige dó dá réir, in ainneoin an drochrud a bhí déanta aige.

Cé go raibh bainisteoir an tsiopa in amhras faoi scéal Dhaire, ní raibh sé ábalta a chruthú nach mar sin a tharla.

‘Bhuel, beidh orm an físeán seo a thaispeáint do na gardaí, pé scéal é. Réiteoidh siadsan an scéal.’

Thit croí Dhaire. Is cinnte go mbeadh na gardaí ag iarraidh labhairt leisean. An mbeadh sé ábalta bréag a insint dóibh? An dtiocfadh an scéal ar fad amach agus an mbeadh trioblóid ní ba mhó ann dó?

(iii)

An tráthnóna sin, chuaigh sé caol díreach chuig teach Thiarnáin. D’inis sé dó faoinar tharla agus chuir sé ina leith gur ghoid sé céad euro ón scipéad. Shéan Tiarnán go ndearna sé amhlaidh. Ní raibh aon airgead tógtha aige.

‘Ach bhí ceamara ann. Chonaiceamar thú.’

‘Thóg mé bileog do champa samhraidh, ach níor thóg mé aon airgead. Ní chreidim nach gcreideann tú mé.’

Ba léir go raibh Tiarnán iontach míshásta gur cuireadh gadaíocht ina leith agus d’éirigh achran idir an bheirt acu.

Ní raibh Daire in ann codladh an oíche sin. Chuaigh sé tríd an rud ar fad ina intinn arís agus arís eile. Ní raibh an scipéad oscailte agus ní raibh sé éasca é a oscailt, go háirithe ón taobh eile den chuntar. An raibh Tiarnán ag insint na fírinne?

Bhí inní air agus é ag dul isteach chun na hoibre an mhaidin ina dhiaidh sin. Cheap sé go mbeadh na gardaí ag fanacht air. Nuair a thiocfadh an scéal amach gur inis sé bréag don bhainisteoir, is cinnte go dtabharfaí bata agus bóthar dó.

Ní raibh aon gharda sa siopa roimhe agus ní raibh cuma chrosta ar an mbainisteoir ach oiread. Bheannaigh sé go cairdiúil do Dhaire agus lean sé ar aghaidh amhail is nár tharla aon rud an lá roimhe sin. Chuir sé seo iontas ar Dhaire. Tar éis tamaill, chuir sé ceist ar an mbainisteoir.

‘Aon scéal faoin airgead a chuaigh ar strae inné?’

‘Ó, é sin! Ba cheart dom téacs a chur chugat faoi sin. Bhí mé ag glanadh suas aréir agus tháinig mé ar dhuillín Viosa a cuireadh isteach san áit mhícheart. Tá an t-airgead ar fad ansin. Níor tharla aon ghadaíocht.’

Bhí idir fhaoiseamh agus fhearg ar Dhaire. Faoiseamh nach mbeadh air é féin a mhíniú do na gardaí, ach fearg gur cuireadh an ghadaíocht i leith a charad. Anois, bheadh obair mhór aige síocháin a dhéanamh le Tiarnán arís! Ní raibh sé ag súil leis an gcomhrá sin!